**Fógra le tabhairt ar aird do na daoine a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir**

(2022/C 12/02)

Tugtar an fhaisnéis a leanas ar aird do na daoine lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle ([2]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/23 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle ([4]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/21 ón gComhairle ([5]).

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála sin; is é RELEX.1.C an roinn faoina bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1.C
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2013/798/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/23, agus Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/21.

Is daoine nádúrtha iad na daoine lena mbaineann a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2013/798/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú na gceart ag na daoine lena mbaineann, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó go ceann ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh na daoine lena mbaineann gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725(edps@edps.europa.eu).

---

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 352, 24.12.2013, lch. 51.
([3]) IO L 5 I, 10.1.2022, lch. 10.
([4]) IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.
([5]) IO L 5 I, 10.1.2022, lch. 1.